

Staidéar Idirnáisiúnta ar an Oideachas Saoránachta agus Saoránaíochta

Eolas do Dhaltaí atá Roghnaithe le Páirt a Ghlacadh

Cad é an ICCS?

Is staidéar idirnáisiúnta é an ICCS ar oideachas saoránaíochta agus saoránachta i scoileanna iarbhunoideachais i 38 tír. Má ghlacann tú páirt, beidh tú ar dhuine de thart ar 130,000 dalta ar fud an domhain a bheidh páirteach sa staidéar seo.

Conas ar piocadh mise?

Piocadh do rangsa go randamach! Ar dtús phiocamar 160 scoil go randamach. Ansin thug gach scoil liosta dúinn de ranganna ar fad na 2ú bliana. Piocadh do rangsa go randamach ón liosta.

Cad a bheidh orm a dhéanamh?

Iarrfar ort 3 leabhrán a chomhlánú le linn lá amháin i mí Feabhra:

- Leabhrán 45 nóiméad ar ábhair ar nós iad siúd a ndéanann tú staidéar orthu sa CPSE;
- Ceistiúchán 40 nóiméad a iarrann do dhearcadh maidir le líon saincheisteanna, mar shampla, cad a cheapann tú faoin daonlathas, faoin bhforéigean agus faoi inimirce;
- Ceistiúchán 20 nóiméad ar ábhair a bhaineann leis an AE, ar nós airgeadra an euro agus do dhearcadh maidir le teanga iasachta a fhoghlaim.

Is ceisteanna ilroghnacha iad an chuid is mó de na ceisteanna, agus iarrann cúpla ceann acu ort líne nó dhó a scríobh mar fhreagra.

Ná bíodh imní ort...ní gá duit aon ullmhúchán a dhéanamh roimh ré don ICCS!

Le tuilleadh eolais a fháil:



Cá has ar tháinig na tástálacha agus na ceistiúcháin?

Is saineolaithe ar fud thíortha ar fad an ICCS a d'fhorbair iad. D'fhéadfadh sé go mbeadh níos mó ábhair iontu ná mar atá clúdaithe agat sa CPSE ach tá súil againn go bhfaigheann tú spésiúil iad.

An bhfeicfidh duine ar bith mo chuid torthaí?

Ní fheicfidh. Tá na tástálacha agus na ceistiúcháin go hiomlán faoi rún: ní fiú go bhfeicfidh do chuid múinteoirí iad: nuair a bhíonn tú críochnaithe leis na leabhráin, seolfar iad chuig an bhForas Taighde Ar Oideachas i mBaile Átha Cliath. Cuirfimid do chuid freagraí isteach i mbunachar sonraí, san áit a n-aithneofar tú mar uimhir agus ní de réir d'ainm. Ní thabharfaimid amach eolas riamh maidir le daoine aonair. Bainfear úsáid as do chuid torthaí le daltaí in Éireainn a chur i gcomparáid mar ghrúpa le daltaí ó thíortha eile.

Cé a bheidh ag glacadh páirte?

Tugann an ICCS deis duit ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn. Tabharfaidh na torthaí eolas dúinn maidir le cad a cheapann daltaí Éireannacha faoi cheisteanna tábhachtacha ar nós inimirce agus comhionannas ciníoch, agus cuireann siad pictiúr ar fáil maidir le cad atá ar siúl i scoileanna in Éirinn i gcomparáid le 37 tír eile. Beidh duais tarraingt i ngach scoil, agus beidh deis ag gach mac léinn a ghlacann páirt i ICCS dearbhán a bhuacaint.

Tabhair cuairt ar láithreán gréasáin an ICCS d'Éirinn ag: <http://www.erc.ie/iccs>

Tabhair cuairt ar láithreán gréasáin idirnáisiúnta an ICCS ag: <http://iccs.acer.edu.au>

Déan teagmháil le Jude Cosgrove nó le Lorraine Gilleece: ríomhphost iccs@erc.ie (teileafón 01 8065217 / 01 8065201)